Pointí ó Tuarascail Roinn an Oideaċais

(Ar lean.)

Deirtear fá teagasc na Math-amatica go ḃfuil toraḋ na h-oibre i gcoitian, go sásúil.

Ag cur síos fá spéis sa ḋúlra, deirtear:

“Cé go ḃféadfaí tuilleaḋ a ḋéanaṁ ins na scoileanna ar ṁaiṫe le h-eolas níos doiṁne ⁊ níos leiṫne a ṡoláṫar faoi íontas an nádúir, ní foláir a ṁeabrú san am ċéanna, go dtreoraíonn teagasc na scoile, áird na ndaltaí ar an saol ina dtimpeall. Bunaítear cuid ṁaiṫ de ċeaċtanna cainte na Gaeilge ar an dúlra. Déantar cur-síos ar na ainṁiṫe agus na héanlaiṫ, bítear ag caint faoi na h-aṫraiṫe a tagann ins na séasúir éagsúla, ⁊ faoi na h-imeaċtaí is dual dóiḃ. Ní mór a aḋṁáil, ar nDóiġe, gur saoṫrú cainte is aiḋm do na ċainteanna seo, aċ ní ḋéantar sin, gan meabair éigin a ḃeiṫ dá baint as ag na daltaí, as cúrsaí an dúlrá. Deineann cuid áiriṫe de na ceaċtanna agus na téacsanna cur-síos ar an dúlra agus is mó báiġ na ndaltaí lena dtimpeallaċt i ngeall ar an aoi a ndeineann an t-oide áb-r na gceaċtanna sin a láiṁseil. Is fearr léar-ṫuiscint na ndaltaí in áilleaċt an dúlra, de árr cuid de na dánta a ḟoglaim íonn siad i nGaeilge.

Aċ deirtear ag deireaḋ:

‘Ba ċeart go ḃféadfaí cuid mór daltaí a spreagaḋ le tuilleaḋ suime a ḃeiṫ acu sa tsaol na dtimpeall, ṫárla leabar-piċtúir ag cur síos ar an nádúr, a ḃeiṫ ar fáil i Leabarlann Scoile.’

Na Méan Scoltaċa

Ag cur síos ar na Meán-scoileanna, deirtear go ḃfuil g leanúint do ṁéadú ar an eán-oideaċas ar fud na tíre, iḋ a ċruṫaiġ an 57 scoileanna. gus 84,916 daltaí san ḃliain eaṫa, ardú mór ar an ḃliain oiṁe sin.

Sa ḃliain reaṫa, ċuir 9,786 isteaċ ar scrúdú na hÁrd-Teistiméireaċta agus 18,268 ar scrúdú na Meán-Teistiméireaċta.

n Ġaeilge

Seo mar a ċuirtear síos ar eilge ins na meán-scoileanna: “Ní beag an feabas atá le nnrú ar ċaiġdeán labairt na eilge, go h-áiṫrid ins na rangna sinnsearáċa, ó tugaḋ isteaċ na béaltrialaċa mar ċuid scrúdú na h-ard-teistiméireaċta. Ní aṁáin go ḃfuil béim eise dá ċur ar labairt na angan, sa ġná ṫeagasc a ḋéanr san rang aċ ina ṫeannta sin **na daltaí dá spreagaḋ ag a do na scoileanna ċun tréiṁ- a ṫabairt sa nGaeltaċt, nó i oláistí Gaeilge sa Saṁraiḋ,** beiṫ páirteaċ i ndíospóireaí idir-scoile, nó i gcúrsaí é dá leiṫéid a ċuirfeaḋ feabar a gcumas i labairt na angan. Tugtar fé deara freis- go ḃfuil breis suime dá ċur áiṫrid na filíoċta agus feab- dá réir uirṫi.

‘Is críoċnúil an staidéar a antar ar na teacsanna duals agus cuireann sé seo go r le stór-focal na ndaltaí, ⁊ a máistireaċt ar ḋul na ngan.

Tá roinnt sean loċtaí, áfaċ, a leiġeas go fóill. Tá múinoirí áiriṫe ann naċ ḃfuil oir- agus ab' ail de líofaċt i airt na teangan acu, nó a il cruinneas in easnaṁ orṫa. múinteoirí ann freisin, naċ anna leor cúram ṡaoraid- na gramadaí a ṁúineaḋ dá id daltaí, agus ba ċóir cúram ise do ḋéanaṁ do fuaimeanna na teangan, agus do ḋea-aiṫris ṫuiscionaċ na filíoċta.”

Is minic gur mó a ṫéidtear i muinín meaḃraċáin, ná mar a ċoṫaítear aċainn na ndaltaí ċun a léirṁeas féin a ḋéanaṁ ar na dánta, agus ba speisiúla de na téacsanna dualgais, tagairtí a ḋéanaṁ dá leiṫéidí céanna, sna teangaċa eile a bíonn faoi stáidéar ag na daltaí, go h-áiṫrid sa Ḃéarla agus sa ḃFraincís.

Nua Teangaċa

Faoi nua-ṫeangaċa na hEorpa ,deirtear;

Tá méadú sontasaċ tágṫa ar líon na ndaltaí atá ag gabáil don Ḟraincís agus tá an teanga sin dá múineaḋ anois in 80 p.c. de Ṁeán-scoileanna na tíre. Indiaiḋ na Fraincíse, aċ gan a ḃeiṫ in aon ġar dí, sí an Spáinneas an nua-ṫeanga Eorapaċ is mó a ḃfuil éileaṁ uirṫi ins na scoileanna, agus ina ḋéiḋ siúd, an Ġearmánais agus an Iodáilis faoi seaċ.

Sé tuairim na gCigirí go ndéantar staidéar críoċnúil ar na téacsanna insan Ḟraincís agus insan Ġearmánais. Is deacair, áfaċ, le cuid de na múinteoirí a ndóṫain de labairt na teangan a ṁúineaḋ i dteannta an min-staidéar ar ġramadaí agus ar litríoċt.

Ní féidir, ar nDóiġe, le h-aon múinteoir teanga saoṫar fiúntaċ a ḋéanaṁ, gan labairt na teangan sin a ḃeiṫ go maiṫ aige féin. Tuigtear é sin go maiṫ do na múinteoirí, agus dá ċomarṫa sin ba líonṁar agus ba ḋíograsaċ an dá ḃuíon a rinne freastal ar ċúrsaí saṁraiḋ na Roinne i mbliana, ar an gcúrsa sa Ḟraincís i mBaile Áṫa Cliaṫ, agus ar an gcúrsa sa Ġearmánais i gCorcaí.

Ċoṁ maiṫ leis sin, caiṫeann a lán múinteoirí cuid dá laeṫa saoire ag gabáil do ċúrsaí teangan ṫar lear.

Sé a moltar go coiteann anois, gan a múineaḋ den ġramadaí foirmiúil, aċ an méid is riaċtanaċ le haġaiḋ comrá cruinn, agus gan réiṁniú na mbriaṫra a ċur de ġlan-ṁeabair, go dtí go mbíonn taiṫí ag na daltaí ar na foirmeaċa éagsúla den briaṫar tré úsáid agus cleaċtaḋ. Mar sin féin, ní deintear failli i ḃfoglaim na gramadaí.

Fuarṫas de loċt ar scoileanna áiriṫe nár tugaḋ cleaċtaḋ a ndóṫain do ranganna airid ar labairt na dteangan.

Stair Tíreolas

Tá sé deacair a ṫuiscint céard tá i gceist ag an Roinn leis an abairt “Tá an coṁ-aḃar Stair agus Tíreolaíoċt ina ċuid éigínteaċ den cúrsa ceadaiṫe de na ranganna sóiséaraċa.” Agus ansin arís: “Is beag dalta naċ gcuireann isteaċ ar Stair agus Tíreolaíoċt i scrúdú na Meán-Teistiméireaċta. Deir siad go nglacann níos mo daoine tíreolaíoċt san Árd Teistiméaraċt ná Stair. Aċ, deir siad gur éifeaċtaċ an teagasc a deintear san stair don Árd-Teistiméireaċt, agus go ḃfuil na múinteoirí cáiliṫe go maiṫ ċuige. Measann siad go ḃfuil múinteoirí ins na bunranganna atá ag braṫ an iomad ar na téacs-leaḃar, agus go mbíonn an teagasc neaṁ-ṡuimúil dá réir.

Agus molaid go mbainfí tuilleaḋ feidme as aiseanna féacána ar ṁaiṫe le tuiscint na staire a ḃeo ċruṫú in aigne na ndaltaí. Agus deintear gur bunriaċtanas do luċt onóraċa an leabarlann staire, aċ go rómhinic, naċ mbíonn a leiṫéid ar fáil dóiḃ.

Matamataic

Faoi Matamatic, deirtear go múintear an Matamatic go h-éifeaċtaċ ins na scoileanna go léir, naċ mór. Cuireann 98 p.c. de na buaċaillí isteaċ ar scrúdú na h-Árd-Teistiméireaċta san Mhatamatic, agus glacann aondtrian díoḃa na páipéir onóraċa aċ ní ċuireann aċ 75 p.c. de na cailíní isteaċ ar an áḃar agus gan aċ 4 p.c. díoḃa na páipéir onóraċa.

Eolaíoċt

Is aisteaċ an rud naċ ndearna aċ 751 cúrsa Eolaíoċt Talmaíoċta san Ṁeán Teistiméireaċt, agus 461 insan Árd-Teistiméireaċt. Aċ deirtear go ḃfuil na Cigirí sásta go ḃfuil teagasc na h-eolaíoċta ar an iomlán. ar ḃun an slán. Tá an mórċuid de na múinteoirí, go háiriṫe i ranganna na hÁrd Teistiméireaċta, árd ċailíṫe ċuige.

De réir tuairisc na gCigirí, deirtear ,deineaḋ teagasc ana ċríoċnúil i ḃfurmór na scoileanna, ar an gcuid teoraiciúil de na cúrsaí den Ṁeán Teistiméireaċt, agus den Árd-Teistiméireaċt in eolaíoċt Tís.

Aċ ,tá an tuairim ann go raiḃ múinteoirí áiṫrid ann nár tug a gcionn féin don obair praicticiúil, agus go raiḃ, dá ḋeascaḋ sin, mó-ċoṫramaíoċt ar a gcuid teagasc maidir leis an áḃar ina iomláine.

Aċ, is sásúil an rud é adeirtear, go ḃfuil níos mó tascanna agus beartais aonair dá leagaḋ amaċ ag na múinteoirí do na daltaí, ná mar a ḃíoḋ.

Ceol

Faoi an ċeol, deirtear go raiḃ scrúdaiṫeoirí na Roinne lán tsásta le ,caiġdeán na gcór, ⁊ na ceolán. Ḃí cuid acu a ḃí ar feaḃas, agus mar ċuid den oideaċas geinearálta, is fiú an obair seo go gcuirfí níos mó suim innti i scoileanna na mbuaċaillí, ná mar is gnáċ a ċur aċ ins na scoileanna sin féin, tá feaḃas ag teaċt de réir a ċéile ar oiliúint na gcór.

Riarúċan

Ag cur síos ar cúrsaí riarúċáin, deirtear go raiḃ 84.916 ag freastal ar na meán-scoileanna san ḃliain 1962-63, sin 4,500 níos mó ná an ḃliain roiṁe sin. Ḃí 62,905 scoláirí ins na ranganna Meán-Teistiméireaċta ⁊ 22,011 ins na ranganna Árd-Teistiméireaċta.

Ḃí 15 meán-scoltaċa níos mó ann ná mar a ḃí an ḃliain roiṁe sin. Ḃí 6.789 scoláirí in 80 scoil náisiúnta ag gabáil do ċúrsaí de ċuid clár na meán-scoltaċa. Seo é an rud a dtugtar “Ḃárr Mean-Scoile” air.

Tré Ġaeilge

Faoi teagasc tré Ġaeilge, deirtear:

Cé is móite de na teangaċa nua-aimsire, a ṁúintear trí na meán féin, ba trí Gaeilge ar fad a múineaḋ gaċ áḃar léinn in 85 de na mean-scoltaċa. Ba tré Ġaeilge freisin, a múineaḋ roinnt de na h-áḃair léinn in 150 eile de na meán-scoileanna. Ḃí 13.790 scoláirí ins na scoileanna den ċéad aicme díoḃ agus 25.368 scoláirí ins na scoileanna den dara aicme. Mar sin de, ba tré Ġaeilge ar fad, nó de ċuid, a múineaḋ na háḃair léinn de 39,158 scoláirí, timpeall is 46 p.c. de iomlán na scoláirí ar na rollaí.

Is deacair a feiceáil cad ċuige a gcuirtear mar sin é. Is soiléir gurb é an rud atá i gceist, ná go raḃar ag teagasc tré Ġaeilge in 85 scoltaċa, agus go ḃfuair 13,790 scoláirí, teagasc tré Ġaeilge. Ní h-aon ṁaiṫ a ḃeiṫ ag tráċt ar áḃar aṁáin mar stair nó tíreolas nó uiṁríoċt a ḃeiṫ á ṫeagasc tré Ġaeilge, muna ḃfuil an obair ar fad á ḋéanaṁ tré Ġaeilge.

Mar sin de, is cosúil go ḃfuil níos lú ná an séú cuid de ṗáistí meán-scoile na tíre, ag fáil oideaċas Gaelaċ mar is ceart, agus tá sé ċom maiṫ é sin a rá go lom, agus gan a ḃeiṫ ag dul ar ċúl sceiċe leis. Ní leor 16 p.c. de ṗáistí meán-scoile na tíre a ḃeiṫ ag fáil oideaċas Gaelaċ.

Oidí

Ag cur síos ar múinteoirí meán-scoile, deirtear go raiḃ 5,908 múinteoirí ar fostas na meán-scoileanna, beagnaċ 300 níos mó ná an ḃliain roiṁe sin. Ḃí 4.334 doiḃa fostaiṫe go lán aimsireaċ, agus 3,602 díoḃa seo cláraiṫe, agus 422 eile a raiḃ céim ollscoile acu aċ naċ raiḃ na coinníollaċ go léir le haġaiḋ cláraċa coiṁlíonta acu go fóill.

Ḃí breis tuarastail á íoc ag an Roinn le 3,581 múinteoirí, speisialta i leiṫ céim onóraċa le 1,900 múinteoir, ⁊ an breis spiesialta i leiṫ múineaḋ tré Ġaeilge ,le 981 múinteoirí.

Scolaireaċta

Ḃí 112 scoláireaċta do na h-iarratóirí ab' ḟearr a ċruṫaiġ ag scrúdú na Meán-Teistiméireaċta — 36 príoṁ-scoláireaċtaí, agus 36 scoláireaċtaí taimiste do ḃuaċaillí, agus 20 den gaċ cineál do ċailíní. Ḃronnaḋ 80 scolaireaċtaí ag micléinn ó'n Ġaeltaċt.

Ḃí 3,870 scoláirí ins na meán -scoileanna a raiḃ scoláireaċtaí Coṁairlí Condae acu.

Ḃronnaḋ 15 scoláireaċtaí ollscoile ar scoláirí ón Ġaeltaċt, ⁊ ḃí sealḃóirí na scoláireaċtaí ag gabáil de cúrsaí iolscoile in ealaín, innealtóireaċt, fiaclóireaċt, leiġeas ,eolaíoċt agus tráċtáil.

Aċ, níor ḃronnaḋ aċ 19 scoláireaċt faoin scéim a tosnaíoḋ in 1947 le scoláireaċt a ṫabairt do ḋaoine a ḃeaḋ ag ḋéanaṁ a gcúrsaí iolscoile tré Ġaeilge. Níl teora leo seo, agus mar sin de, cad ċuige a ḃfuil an uiṁir a ḃeiṫ coṁ beag.

(Leanfar de)

Uair aṁáin ċuir fear óg a ḃí ag fólaim golf ceist ar údaras mór golf. “Cé'n buille is tábaċtaí ar fad in golf?” “An ċéad ċeann eile”, arsa mo ḋuine!

— — — — — —

Freagra Prap

Stad sé an gluaisteán go gasta aċ ní raiḃ ann aċ é nár leag sé an ḃean óg. Ḃris an ḟearg air agus ar seisean léi: “Ḃíonn na mná agus na hasail sa ḃealaċ orainn i gcónaí.” “Is maiṫ liom,” arsa sise go prag, “go ḃfuil sé de ṁúineaḋ agat, tú féin a ċur ar deireaḋ!”

— — — — — —

Cé'n fáṫ a gcaiṫeann búistéar hata bán?

Fr.—Le na ċeann a ċlúdaċ.

— — — — —

Caidé déanann cearc i gcónaí nuair a seasann sí ar ċois aṁáin?

Fr.—Tógann sí suas an ceann eile.

— — — — — —

Stráinséar: Ḃáil ó Ḋia ar an obair!

Gasúr (ag iascaċ) — Go mba hé ḋuit.

Stráinséar: Céard tá á lorg agat san aḃainn ansin?

Gasúr: Gillidí a ḋuine.

Stráinséar: Ní ḟaca mé a leiṫéidí ariaṁ. Cad leis go ḃfuil siad cosúil?

Gasúr: Níl ḟios agam, mar nár rug mé ar ċeann ar biṫ aca go fóill!

Siopadóir éisc (ag filleaḋ suas bradán do ċuistiméir) — Naċ breáġ an daṫ atá air a ḃean ċóir?

Cuistiméir: Is ea, gan daḃt ar doṁan. Is dóiġ liom féin go ḃfuil sé ag deargú fá'n luaċ atá tusa a baint amaċ air-

— — — — — —

Droċ Ṡomplaí

“Ó a ṫiarcais!” arsan sean aintín le Ḃillí beag lá. “caidé déarfas do Ṁamaí má insím dí go raiḃ tú ag caiṫeaṁ toitíní id' aois-se? “Tá's agam go maiṫ go mbéid sí ar mire”, arsa Ḃillí mar seo iad a ċuid toitíni féin tá's agat!”

— — — — — —

Bíonn an Fírinne Searḃ

“Gaḃ mo leiṫscéal a ḋuine cóir, sílim gur casaḋ ar a ċéile sinn coicís ó ṡoin san áit seo,” arsan fear árd caol. “Is oṫ liom naċ cuiṁin liom ṫú. Ní aiṫním tú ċor ar biṫ. “Ní aiṫním tusa aċ an oiread, aċ aiṫním do scaṫ-fearaine.” “Ráiméis, a ḋuine, coicís ó ṡoin, ní raiḃ scaṫ-fearaine ar biṫ liomsa anseo.” “Ní raiḃ gan aṁras, aċ ḃí scaṫ-fearaine liomsa.”

— — — — — —

Ise — Cé'n rud is fearr le cur i putóg na Nollag?

Eisean — Do ċuid fiacal dearfainn!

Naoṁ Íde

Inniu lá féile Naoṁ Íde—Bríd na Muṁan mar tugtar uirṫi. Rugaḋ Íde ins na Déisiḃ. Máṫair Altramas na aNoṁ, a tugtar ar Íde i sean-litríoċt na nGael, toisc go raiḃ Naoṁ Breandán, Naoṁ Cumían agus a nia féin, Naoṁ Maolmoċóg faoi na cúram agus iad óg ,i gCill Íde i gCo. Luimní. Agus nuair a ḃí siad fásta ,agus ina Sagairt, gur minic a ṫáinig siad arais ċuicí fá ċoinne coṁairle agus treor.

Ċuir sí a lán Cloċar ar bun, cuid mór acu i gCo. Luimní, agus ċaiṫ sí beaṫa ana gníoṁaċ gnóṫaċ ar fad. Aċ fríd sin go léir, ḃí sí an tugṫa don Urnaí, agus go minic ċuaiġ sí léiṫe féin ar an uaigneas le ḃeiṫ ag maċnaṁ.

Ḃí grá ar leiṫ aici don ḃoicteanas toilteanaċ, agus uair aṁáin, nuair a ṫairg Taoiseaċ píosa mór talún dí, ḋiúltaiġ sí an tairiscint, agus níor glac sí aċ ceiṫre acra. go díreaċ go leor don Ċloċar. Ḃí sí ana aosta ar fad, nuair a d'éag sí i n 569.

Is beannaí na boċt i spiorad, nó is leo-san ríoċt na ḃflaiṫeas —adúirt Ár dTiarna, uair aṁáin, agus is cinnte gur maiṫ a d'oirfeaḋ na focla sin do Naoṁ Íde.

Go lua taréis dí dul le rial cráifí, ċum sí ceann de na dánta is gleoite agus is gráṁaire do Íosa, atá le fáil i litríoċt na Gaeilge. Ag cur síos ar “Íosagán a cónaíos liom im díseartán” agus a' rá faoi an saol uile go léir. “is breáġ uile aċ Íosagán.”

Ḃí an príoṁ-Cloċar i gCill Íde, i gCo. Luimní, áit a mbíonn patrún ina h-onóir go dtí an lá inniu.